



An Bhruiséal, 21 Eanáir 2020
(OR. en)

5351/20

Comhad Idirinstitiúideach:
2019/0235(NLE)

PECHE 23

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

Ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

1. An 24 Deireadh Fómhair 2019 thíolaic an Coimisiún don Chomhairle a thogra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Tá sé mar aidhm ag an togra uaschainníochtaí iascaireachta do stoic shonracha a shocrú do 2020.
2. Leis an nós imeachta seo, ní gá go mbeadh Parlaimint na hEorpa páirteach ann ná ní gá Tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a fháil (Airteagal 43.3 CFAE).
3. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Inmheánach Iascaigh an togra ón gCoimisiún¹ agus na páipéir leathoifigiúla² ag na cruinnithe a bhí aici idir an 31 Deireadh Fómhair agus an 5 Nollaig 2019. Cuireadh páipéir neamhoifigiúla³ bhreise ón gCoimisiún faoi bhráid na Comhairle idir an 9 agus an 17 Nollaig 2019.

¹ 13438/19 + ADD 1 - 2

² 13761/19, 14385/19, 14558/19, 14724/19 agus 14767/19

³ 14947/19, 1514619, 15166/19 agus 15198/19

4. An 11 Nollaig 2019, d'ullmhaigh Coiste na mBuanionadaithe an mhír trí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhí fós gan réiteach d'fhonn teacht ar chomhaontú polaitiúil sa Chomhairle.
 5. Tháinig an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar chomhaontú polaitiúil ag an seisiún a bhí aici ar an 16-17 Nollaig 2019.
 6. I bhfianaise an mhéid thuas, moltar go n-iarrfaidh Coiste na mBuanionadaithe ar an gComhairle an Rialachán a ghlacadh ag an seisiún a bheidh aici an 27 Eanáir 2020 mar a thug na dlítheangeolaithe chun críche é in 15319/19 + ADD 1-2, agus aird a thabhairt ar na ráitis mar atá siad in 5186/2020.
-